# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015

# EALAÍN

## Cumadóireacht Shamhlaíoch agus Ábhar Neamhbheo

### Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Luain, 27 Aibreán – Dé hAoine, 8 Bealtaine** **Maidin, 9.30 – 12.00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Luain, 13 Aibreán**

## Treoracha

Tá cead agat oibriú le dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis nó meán oiriúnach ar bith eile. Níl cead olaphéinteanna ná ábhar orgánach meatach a úsáid, áfach. Níl cead agat áiseanna mar stionsail, teimpléid, íomhánna rianaithe, obair ealaíne réamhullmhaithe ná íomhánna fótagrafaíochta a thabhairt isteach sa scrúdú.

Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás atá ann di ar do bhileog A2.
Scríobh an teideal 'Cumadóireacht Shamhlaíoch' nó 'Ábhar Neamhbheo' díreach faoi do Scrúduimhir.

Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú nach bhfuil aon rud uirthi. Uasmhéid na bileoige: A2.

## Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

**1.** Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D nó E. Ba chóir duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua ar chúl na bileoige agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

**2.** Déan **Cumadóireacht Ábhar Neamhbheo** bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil cur síos orthu i gceann **amháin** de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D nó E, nó a mheabhraíonn na sleachta sin duit. Ní mór duit nithe ábhartha a thabhairt chuig ionad an scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas **do chumadóireacht ábhar neamhbheo féin** a leagan amach. **Ní mór é seo a dhéanamh in am do thús an scrúdaithe**. Ní mór duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua ar chúl na bileoige agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

**3.** Déan **Cumadóireacht Theibí** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D nó E agus a fhorbróidh tú ó cheann de na sleachta tuairisciúla sin. Ba chóir an pointe tosaigh agus an bunús atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl. Luaigh go soiléir cé acu **1** – Cumadóireacht Shamhlaíoch nó **2** – Ábhar Neamhbheo atá i do Chumadóireacht Theibí.

# Sleachta Tuairisciúla

## Sliocht A

Mórán gach maidin ar a naoi, cuireann na freagróirí éigeandála atá ceaptha don tSéin a gcultacha fliucha orthu agus snámhann thart ar an Île de la Cité. Le linn dóibh a bheith ag dul timpeall an oileáin seo atá mar a bheadh deoir ann i lár na habhann i gceartlár Pháras, sciúrann na tumadóirí seo, atá ina bhfear dóiteáin, grinneall na habhann. Bailíonn siad isteach rothair, sceanra (a ghlanann siad agus a úsáideann siad sa teach báid ina bhfuil cónaí orthu), fóin phóca, seanbhoinn airgid, crosa, gunnaí agus, uair amháin, fáiscín Rómhánach den sórt a bhíonn sna músaeim.

Le hais an Pont des Arts, an áit a bhfeistíonn leannáin glais phráis agus a n-ainmneacha greanta orthu ("Steve + Linda Pour la Vie"), faigheann siad ar ais eochracha a chaitheann na leannáin san uisce agus iad ag súil le síoraíocht a ngrá glasáilte a chinntiú. Droichead amháin níos faide suas an abhainn, ag an Pont Neuf, gar do na cúirteanna dlí sa Palais de Justice, an áit a ndéantar an colscaradh a fhoraithint, faigheann siad fáinní pósta a caitheadh isteach nuair a fuarthas amach nach raibh an grá síoraí ach gearrshaolach.

Mar artaire lárnach Pháras, bailíonn an tSéin go nádúrtha dríodar na sibhialtachta agus na gcumann daonna. Leis na céadta, rinne sí fóntas mar bhóthar poiblí, mar mhóta, mar sconna uisce, mar shéarach agus mar thobán níocháin. Stua simeatáir í a roinneann an chathair ina dhá cuid, an Port Clé agus an Port Deas. San am a chuaigh thart, bhí an Port Clé boihéamach agus an Port Deas uasaicmeach, ach d'éirigh an t-idirdhealú sin níos éiginnte le himeacht aimsire.

Ar an Île de la Cité féin, os coinne an ghréasáin Ghotaigh chloiche is Ardeaglais Notre Dame ann, tá compás cré-umha suite sna clocha pábhála. Ón áit seo – *pointe neamhní* – a thomhaistear an fad ó Pháras. Déanann an tSéin Páras a lárú; is í a chroí leachtach í.

Lena chois sin, tá sí, mar a deir na Francaigh, *fluide*. Is fánach a bheith ag ordú don tSéin fanacht socair. Ní abhainn a thuilleadh í an abhainn atá socair. Athraíonn sí leis an am den lá agus leis an séasúr. Iompraíonn a sruthanna muirchuir agus turscar beatha agus báis – bréagáin phlaisteacha a cailleadh, balúin a d'éalaigh, bunanna toitíní (Gauloises, ar ndóigh), buidéil fíona fholmha, agus uaireanta corpán fiú amháin – agus iad ag guairneán, ag maistreadh, ag tuileadh agus ag sní ar a mbealach thart ar ailtireacht ollmhór Pháras. *C'est fluide*.

Déantar Riviera uirbeach den tSéin ar feadh míosa sa samhradh i bPáras; imreoirí eitpheile trá, innealtóirí caisleán gainimh, damhsóirí samba, tango agus brisdamhsa, ceoltóirí raic, snagcheoil agus *soul*, agus lucht gortha gréine, iad uile ag teacht agus ag imeacht ina n-eiseamláirí d'éagsúlacht éigríochta na fíorach daonna. Tá an spás, ar nós an uisce, inathraithe agus athraíonn sé le himeacht an ama agus na n-eachtraí a tharlaíonn. "Taobh istigh den spás céanna, d'fhéadfadh saoirse a bheith agat nó daoirse."

Rinne na hImpriseanaithe a solas a dhriogadh ina airgead beo. Bhí stiúideo ar snámh ag Claude Monet ar an abhainn in aice le hArgenteuil. Bhí stiúideo ag Henri Matisse, iar-Impriseanaí, ar an Quai Saint-Michel. An ribín plánach liath d'uisce a phéinteáil ealaíontóirí níos luaithe, bíonn sí ar crithloinnir mar a bheadh ópal ann nuair a fheictear trí lionsaí na nImpriseanaithe é. Níorbh í an tSéin amháin a bhí á frithchaitheamh ina n-ealaín sin, ach an domhan mór chomh maith. Bhí an réabhlóid thionsclaíoch ar siúl. Chroch an leictreachas péarlaí solais i gcoinne na hoíche dorcha. Bhí an Métro ar tí a thógtha i bPáras. Bhí ag géarú ar rithim an domhain. Bhí sé tapa agus leachtach mar a bhí obair scuaibe na nImpriseanaithe.

Arna chóiriú as *Love and Loss on the Seine*, le Cathy Newman, National Geographic, Bealtaine 2014.

## Sliocht B

B’fhéidir gur deacair a chreidiúint, anois ó tá an tAthrú Aeráide – nó, mar a thugtar air sa tír seo, Tuilleadh Báistí – tar éis an samhradh a dhíchoimisiúnú orainn, ach tá daoine fós in Éirinn ar cuimhin leo aimsir mhaith. An oíche roimh ré a thosaigh na laethanta gréine úd a bhfuil cuimhne fós orthu, nuair a dhéantaí Ceapairí na Laethanta Saoire. Líontaí iad le nithe coimhthíocha agus ghearrtaí le caithréim bhreise iad. Chuirtí na slisní singile cáise ar leataobh. Ba chosúla a mblas le fotháirge de chuid an tionscail pheitriceimicigh ná le fotháirge de chuid an tionscail déiríochta. Ba thráth athnuachana é agus tráth na gceapairí lán scailliún agus liamháis agus a leithéidí. Dhoirtí an t-uachtar sailéid agus an blastán Thousand Island as na buidéil a rabhamar cleachta leo agus isteach i bprócaí beaga. D’iompraítí an bainne i mbuidéal 500 ml de Líomanáid Bhán TK a raibh a phacáistíocht agus a lipéid imithe le fada. Amárach bheidís ag dul ar aistear draíochtach.

Bhíodh gach duine ina shuí go luath an mhaidin dár gcionn – bhíodh báisteach tuartha don iarnóin, mar sin bhíodh sé tábhachtach an chuid ab fhearr den lá a fháil. Bhrúdh na páistí isteach sa charr. Ní bhíodh aon chriosanna sábhála i gcúl an chairr an t-am sin ach, ar ámharaí an tsaoil, bhíodh na teaghlaigh níos mó an tráth sin agus bhíodh go leor páistí ann chun ding theann de pháistí a bhrú isteach sa suíochán cúil, rud a rinne mórán an jab céanna le crios sábhála. Mar gheall ar an mbrú teann, ar an teas greamaitheach agus ar na treabhsair ghearra, dhéanadh na páistí torann taitneamhach *sliomp* agus iad á dtarraingt féin ar shiúl den leathairéad, duine ar dhuine, agus iad ag éirí den suíochán cúil.

Is é sin le rá, má d’éirigh leis an gcarr an trá a bhaint amach. B’éigean do Mhamaí a bheith an-sciliúil i mbainistíocht na n-ionchas, mar bhíodh an baol ann i gcónaí go mbrisfeadh an carr síos. Aon uair amháin a stadadh an carr go díomách na mílte ón bhfarraige agus nuair a bhíodh Sé féin imithe ar thóir bhosca teileafóin, bhíodh ar dhuine éigin fanacht ansin agus an nuacht a scaipeadh.

Bhíodh an trá san am atá thart difriúil leis an trá atá inniu ann. Ní bhíodh aon duine ann ag surfáil le heitleog ann, a ndea-shláinte rua agus a soirbhíochas ag cur mothú ciontachta ort toisc “nach raibh tú ag baint a oiread agus ab fhéidir as an saol”. Ní bhíodh aon mhargaí feirmeoirí ann ag teacht romhat le craicir, le dipeanna agus le frithocsaideoirí. Áit dhaonlathach a bhíodh ann agus gach duine cothrom lena chéile faoi shúile na gréine.

Shocraíodh an Mamaí Éireannach í féin, tar éis di daingean a thochailt sa trá agus aire a thabhairt do gach rud. Bhíodh sí ag léamh *The Lilac Bus* fad a choinníodh sí leathshúil ar fhíor na spéire. Agus ansin go tobann bheartaíodh sí dul amach san fharraige! Bhíodh culaith shnámha ar an Institiúid anois agus giodam ina gníomhaíocht. Bheadh cuimhne ar an ócáid sin go deo.

Rud amháin atá ag imeacht as anois, ar an drochuair, ná an grianghraf clasaiceach sin den Mhamaí Éireannach. Grianghraf den teaghlach a bhíodh ann, a thógadh Sé féin, é ina sheasamh 50 slat ar shiúl, ceamara aige a raibh an chuma air nár chóir dó oibriú ar chor ar bith. Dhéanadh an Mamaí agóid ina aghaidh, ag rá go raibh an ghráin aici ar a grianghraf a bheith á thógáil agus d’imíodh sí faoi cheilt taobh thiar d’ál leanaí. Ach tá fírinne sna pictiúir seo. Tá siad i mbosca in áit éigin. Tá gach sórt acu ann, na cinn ina bhfuil na súile dúnta, na cloigne is na cosa ar iarraidh, agus na cinn atá geamhach, crothach, fhiarshúileach faoin ngrian, agus na cinn a tógadh le cabhair lasc ama gan a fhios ag aon duine cathain a d’oibreodh an lasc ama. Ní fhaigheann tú grianghraif mar sin a thuilleadh. Tá an naircisíocht briste amach ar fud an bhaill sa tír seo, a bhuíochas sin do Facebook, ceamaraí fóin ag gach duine agus feabhas ginearálta ar chraiceann daoine ó tháinig na caoineoga.

Arna chóiriú as *Isn’t it well for ye? The Book of Irish Mammies,* le Colm O’Regan,
Transworld Ireland, 2012.

## Sliocht C

Ba chosúla iad na deartháireacha Miller le sirtheoirí ná le pailéaluibheolaithe. Bhí a bhféasóga calctha le cré agus spéaclaí cosanta ag cosaint a súl ar an ngaineamh a bhí á shéideadh ar ghaotha an ghaineamhlaigh. Fir mhóra ba ea iad beirt, breis is sé troithe trí orlaí ar airde, agus ar an droim talún sin a raibh faobhar scine air i ndeisceart Utah, bhí siad ag gluaiseacht go ciúin muiníneach ar nós fear a chaitheadh a saol lasmuigh. Le linn d'Ian bheith ag ropadh piocóide isteach sa láibchloch, bhí Dane ag iarraidh toitín a rolladh idir ghálaí gaoithe. Séideadh an tobac scaoilte den pháipéar. "Mo mhallacht air," a dúirt sé agus bhain sé triail arís as.

Bhí na deartháireacha ag sirtheoireacht iontaisí sa Grand Staircase-Escalante National Monument in éineacht le Scott Sampson, an príomhchoimeádaí i Músaem an Dúlra & na hEolaíochta in Denver, agus le Joe Sertich, pailé-ointeolaí dineasár an mhúsaeim. Bhí siad ag taiscéaladh achar aistreánach ar leith taobh istigh den fhásach sin atá gan bhóithre den chuid is mó. Is lúbra é de leathaillte géara agus de chlasáin ar an taobh ó thuaidh de Shliabh an Chapaill.

Bhí an chuid eile den fhoireann cúpla míle ar shiúl ag obair ar chairéil iontaisí a aimsíodh sna blianta roimhe sin agus fad a bhí siad ansin bhí Sampson, Sertich agus muintir Miller ag cuardach cinn nua. Tar éis na míonna de dhualgais oifige sa mhúsaem, ba ar éigean a bhí Sampson in ann a ríméad a smachtú. Bhí sé san áit "nach raibh aon phailé-ointeolaí ann riamh roimhe" agus bhí dóchas acu go n-aimseofaí taisce nua a bhain leis "an mhór-roinn chaillte", Laramidia.

San fhoirmíocht Kaiparowits ba mhó a bhí siad ag obair, deascán atá 2,600 troigh ar leithead agus atá ann idir 75 milliún agus 77 milliún bliain. Bhí siad tar éis iontaisí na mílte planda agus ainmhí a aimsiú; ina measc bhí buaircíní, crogaill, turtair agus dineasáir – go speisialta dineasáir. Le linn an 20 milliún bliain nó mar sin a bhí sé ann, ba chosúil Laramidia le monarcha dineasár a chuir amach dineasáir idir mhór agus bheag in éagsúlacht iontach speiceas.

"Tá an áit seo breac le cnámha," a dúirt Sampson agus é ag brúscadh suas claonadh ina chuid buataisí, gar don áit a raibh na deartháireacha Miller ag obair. "Ag dul suas an cnoc seo dom, fuair mé giotaí de thurtar, ach níl tuairim agam cá bhfuil an chuid eile den rud seo." Phioc sé suas rud beag béas agus ligh sé é lena fháil amach cé acu cnámh phóiriúil nó carraig neamhspéisiúil a bhí ann. "Más cnámh é, greamóidh sé de do theanga," dúirt sé. "Más carraig é, ní dhéanfaidh sé é sin." Ghreamaigh an ceann seo.

Chloígh tóraíocht na n-iontaisí i gcónaí leis na dóigheanna ísealteicneolaíochta. Chomh fada agus a bhaineann sé le hobair allamuigh, níor athraigh mórán ó bhí "ruathar na gcnámh" ann sa 19ú haois. An uair sin, spreag an fhionnachtain san Iarthar Fiáin feachtas díbhirceach chun iontaisí a bhaint amach as an talamh agus a chur isteach i hallaí móra na músaem ar Chósta an Oirthir. Le linn d'Arm na Stát Aontaithe a bheith ag fiach Sitting Bull trasna mhachairí an tuaiscirt, bhí na foirne de scoláirí, de lucht capall agus de ruifínigh ag tarraingt cnámha móra cos as na drochthailte. Na piocóidí, na sluaistí agus an plástar céanna a bhí in úsáid acu sin, tá siad in úsáid ag pailé-ointeolaithe sa lá atá inniu ann.

Arna chóiriú as *Digging Utah's Dinosaurs*, le Peter Miller, National Geographic, Bealtaine 2014.

## Sliocht D

Bhí *Puball na Bácála Móire* clúdaithe le stiallbhratacha agus dealaithe amach ón saol réalaíoch le fál bán picéid. B'áit aisteach bhrionglóideach é le bácáil ann. Bhí cupáin Shíneacha crochta go slachtmhar ar na ballaí. Bhí meascthóirí móra ina suí go bródúil ar dhromchla sciomartha adhmaid an chláir oibre ar gach binse.

Ar lá maith, líonfadh an ghrian an puball lena solas te agus ghlacfaimis sos ar feadh meandair, ár lámha sáite go doimhin inár mbabhlaí measctha agus stánfaimis amach ar pháirc lán de cham an ime. Ansin i measc na bpannaí lonracha agus an chróim shnasta, b'fhurasta a ligean i ndearmad cé chomh héagoitianta agus a bhí an timpeallacht seo.

Ach mar sin féin, ag deireadh na scannánaíochta gach seachtain, bhíodh míobhán i mo chloigeann leis an meascán d'aidréanailín, de shiúcra agus d'fhaoiseamh mór gur éirigh liom fanacht seachtain eile ann. D'fhillfinn ar dhomhan a bhí an-difriúil leis: cistin an mhic léinn a bhí chomh beag sin nach bhféadfainn mo lámha a shíneadh amach inti ná spás a fháil inti chun mo chomhábhair agus an trealamh a bhí uaim a stóráil. Ó, agus táim cinnte de go raibh lucha – nó níos measa ná sin – againn uair amháin.

Ina dhiaidh sin, bhácáil mé agus bhácáil mé agus bhácáil mé. Leag mé amach tábla fada i mo sheomra, ceann a bhí ard a dhóthain le go dtiocfadh liom seasamh aige agus taos a fhuineadh nó meireang a ghreadadh. Líon mé suas mo sheilfeanna leabhar le paicéid de phlúr agus de shiúcra, le cruacha seacláide agus le prócaí spíosraí. Bhí mo chuid cupard líonta le stáin bhácála, bhí gearrthóirí brioscaí sactha isteach i dtarraiceán agus caitheadh éadaí i leataobh chun spás a dhéanamh do bhosca lán de bhuidéil úscra agus dathúcháin. Bhí an áit níos chosúla le pluais ailceimiceora ná le hárasán mic léinn.

Dá mbeadh an saol mar ba mhaith linn, bheadh an t-airgead againn uile faoi choinne plúr orgánach clochmheilte, im neamhshaillte ar nós na mór-roinne, rogha de chiseáin phrofa agus meascthóir den chineál is fearr a mbeadh níos mó each-chumhachta ann ná mar a bheadh i gcarr beag. Ach, más féidir liomsa bácáil san árasán brocach cúng sin, agus ar bhuiséad mic léinn, d'fhéadfadh aon duine é a dhéanamh!

Le linn dom a bheith ag ullmhú don *Bhácáil Mhór*, cheannaigh mé an plúr agus an t-im ba shaoire, chuir mé torthaí reoite in áit na dtorthaí úra daora agus thriail mé bealaí chun breis bhlais a mhealladh as comhábhair shaora. Ach tá níos mó i gceist sa bhácáil ar bhuiséad ná a fhios a bheith ag duine conas gearradh siar – baineann sé fosta le foghlaim cén rud ar fiú infheistíocht a dhéanamh ann. Bhí an t-oigheann i mo chistin chomh sean sin go raibh na huimhreacha ar dhiail na teochta ídithe. Bhí sé neamhréireach fosta, ar bhealach seasta – is é sin fíor-the amach is amach ag an mbarr agus i bhfad níos fuaire ag an mbun.

Níor chóir go mbeadh aon duine ar cipíní agus é ag fanacht go bhfeicfidh sé cé acu dóite nó ámh a bheidh a chuid bácála nuair a thiocfaidh sí amach as an oigheann. Sin é an fáth a mholaim teirmiméadar oighinn a cheannach roimh gach rud eile a theastaíonn le haghaidh na bácála. Beidh sé ar an gcara is fearr agat sar i bhfad agus, ar phraghas thart ar £5, is saoire i bhfad é ná bheith ag cur amú airgid ar oigheann nua.

Arna chóiriú as "How I did *Bake Off* on a budget", Ruby Tandoh, BBC Good Food, 2014.

## Sliocht E

Bhí an féar sa mhóinéar beag bídeach le hais an tí bainte agus ina luí ina shraitheanna ag éirí briosc faoin ngrian: bhí an áit ar fad ina bhlár dathanna ag na bláthanna fiáine. Bhí gorm an mheán oíche ar an bpeasair, buí ar an tseamair bhuí agus dearg lonrach ar an tseamair dhearg. Ba é an rud ab áille é a bheith amuigh sa ghort ag tiontú féir leis an bpíce, mo dhá mhadra dhubha ag baint compoird as a bheith faoi scáth na bhfearnaí, agus milseacht na mbainteoirí ar foluain san aer i gcéin is i gcóngar.

Lena linn sin bhí na fáinleoga ag tabhairt sitheadh isteach agus amach as an scioból, iad gnóthach ag tógáil a n-álta. Ba chosúil go raibh siad sin ag baint aoibhnis as an solas agus go raibh teas na gréine ag luí go caoin ar a ndroim. Bhí lilí buí faoi bhláth i bpotaí cré trasna an chlóis agus rinne gorm na bhfáinleog contrárthacht fhoirfe le buí na mbláthanna.

Bhí na scalltáin imithe as an nead faoin am seo agus bhí siad ina suí ar bhíomaí trasna an sciobóil. Ar maidin a tháinig an chéad éan beag amach faoin ngrian den chéad uair, na lilí fúthu ag lonradh faoin drúcht. Bhí ionad faoisimh faoi na toir faighte di féin ag an gcat Peirseach, a bhí tuirseach den teas, agus bhí na fáinleoga fanta faoina ngnóthaí féin aici.

Uaireanta ba bhreá léi ceirtlín a dhéanamh di féin i measc na ngeiréiniam dearg ach bhí an ghrian róthe faoi choinne sin agus b'fhearr léi scáth agus foscadh na dtor sa chás sin. Bhí an tseamair dhearg ina luí i linnte saibhre dearga aisti féin, í ag triomú agus ag éirí briosc i rith an ama, gach rud timpeall uirthi ar nós macalla an tsamhraidh a bhíodh ann fadó, fadó.

Bhínn i dtólamh ag amharc amach faoi choinne féileacáin agus beacha. Ach ba iad na froganna ab fhearr liom díobh go léir: a gcraiceann iontach idir thais agus fhuar nuair a chuimleoinn é i dteas na hiarnóna. Ba iad na froganna briocht an tsamhraidh, dearbhchloch an tséasúir a chuir ina bheatha i bhfaiteadh na súl é. Murach iad, ní bheadh sé ina shamhradh. Shuínn á muirniú i mo lámha iad agus craobhóga conróis agus féithlinn ag cascáidiú thart timpeall orm.

Nuair is áthasaí muid is lú is ea is eol dúinn é, a deirtear. Tharlódh do bhfuil sé sin fíor, ach fiú amháin an uair sin b'eol dom, is dóigh liom, an t-ádh a bhí orm a bheith leis na froganna agus leis na bláthanna san fhéar fada.

Fad a bhí mé ag tiontú an fhéir sa ghort, bhí na fáinleoga fós ag tabhairt sitheadh anuas i gcónaí os cionn na lilí agus os cionn na gcrann úll óg i dtús a bhfáis. Chuimhnigh mé siar ar laethanta a caitheadh ag cuidiú i ngoirt an eastáit tuaithe a bhí in aice láimhe: Bean Ruth ag teacht agus sú úll de dhéantús baile i gcrúscaí fuara ina ciseán aici, a trí bhrocaire Éireannacha ag rith sna sála aici. Bhí blas an tsú úll iontach fuar agus milis i dteas na hiarnóna. Ba chosúil le blas an neachtair féin é, barr mullaigh ar aoibhneas uile an tsamhraidh nuair a bhíodh an domhan glas agus óg: na bollataigh ag iníor ar na bánta os cionn an chuain.

Arna chóiriú as *Lilí agus Fáinleoga* le Patrick O'Sullivan, *Ireland's Own*, Iúil 2014.

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015

# EALAÍN

Dearadh

Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Luain, 27 Aibreán – Dé hAoine, 8 Bealtaine** **Maidin, 9:30 – 12:00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Luain, 13 Aibreán**

**Treoracha**

Tá cead agat do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin (**bileog amháin**) a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi sula dtosaíonn an scrúdú á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

Tá cead agat cibé meáin agus uirlisí ealaíne atá oiriúnach a úsáid chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh, e.g. pinn luaidhe, péint, páipéir dhaite, cárta, ábhair do cholláis nó do mheáin mheasctha, rialóir, T-bhacart, scian, siosúr, gliú, etc.

Níl cead agat áiseanna amhairc ar bith sa bhreis air seo (e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe ná obair ealaíne atá réidh le húsáid) a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do mholadh dearaidh deireanach.

Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.

Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog.

Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal a ghabhann léi ar gach bileog.

**Céim 1: Bileog de Sceitsí Ullmhúcháin (TAIGHDE)**

Ní mór an Bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin a dhéanamh roimh an scrúdú agus ba chóir do chuid **taighde** a bheith ann. Is é is cóir a bheith ann ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu in aon mheán oiriúnach a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Is féidir líníochtaí, staidéir dhatha, agus cineálacha eile de thaighde amhairc a chur san áireamh. Tá cead agat nótaí a chur le do chuid oibre. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2. Má úsáideann tú colláis nó íomhánna a gearradh amach, mar aon le líníocht le peann, peann luaidhe, péint nó aon mheán oiriúnach eile, ní mór gach saghas oibre dá leithéid **a ghreamú go cothrom** de do Bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin.

**Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT)** **(20 marc)**

Sa scrúdú, ba chóir duit do bhileog A2 de réamhsceitsí a dhéanamh ar dtús. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir duit na smaointe atá agat ar do Bhileog de Sceitsí Ullmhúcháin **a iniúchadh**. Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2T nó 3T de réir mar a oireann siad don cheist atá roghnaithe agat agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Tá cead agat sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt do chuid smaointe a léiriú. **Ní mór duit do chuid oibre a dhéanamh go glan díreach ar an mbileog A2 agus gan ach sceitsí amháin a úsáid**, agus iad daite más mian leat. Níor chóir an obair a chuirtear i láthair ar do Bhileog Réamhsceitsí a chóipeáil go díreach ón mBileog de Sceitsí Ullmhúcháin. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2.

**Céim 3: An Moladh Dearaidh Deireanach** **(80 marc)**

Is le linn an scrúdaithe a chuirtear do mholadh dearaidh deireanach i gcrích. Ba chóir duit eolas ar bith a mheasann tú a bheith riachtanach chun do Mholadh Dearaidh Deireanach a chur in iúl, a chur san áireamh agus tagairt ar leith a dhéanamh do ghnéithe amhairc, feidhmiúla agus ábhartha na ceirde a roghnaigh tú, seachas d’aird a dhíriú go hiomlán ar shaothar ealaíne a chur ar fáil a mbeidh bailchríoch den scoth air.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach bán duit a mbeidh ort iad seo a leanas a chur ann:***

- do Bhileog A2 de **Sceitsí Ullmhúcháin**
- do Bhileog A2 de **Réamhsceitsí**
- do **Mholadh Dearaidh Deireanach**.

# Sleachta Tuairisciúla

**Sliocht A**

Is mór an díol suntais iad Gairdíní agus Páirc Belvedere in aice leis an Muileann gCearr, agus tá stair dhochreidte ag baint leo. Chuaigh Robert Rochfort, Barún Belfield, thar fóir ar fad leis an éad idir dheartháireacha. Is eisean a thóg Balla an Éada, an fothrach bréige gotach is mó in Éirinn. Tógadh é chun nach mbeadh radharc ar theach a dheartháir George i bPáirc Tudenham. Níos measa fós, choinnigh sé a bhean chéile álainn Mary faoi ghlas mar go raibh amhras ann go raibh caidreamh aici lena dheartháir. Tháinig dath bán ar a cuid gruaige thar oíche nuair a fágadh in eastát an teaghlaigh in Gaulstown í agus í go lagbhríoch, nó gur bhásaigh sí.

Pé ar bith faoi pheacaí Rochfort, tá Belvedere, teach mór Pallaidiach cuarthónach Richard Castle, suite in áit aoibhinn ar bhruach Loch Ainninn. Céad bliain ina dhiaidh sin mhaisigh Charles Marley, a bhí ina úinéir ag an am, é le sraith de léibhinn a raibh balastráidí orthu de réir nós na hIodáile. Ba eisean a chuir an garraí daingean leis freisin.

Taobh amuigh ar fad den éad, bhí fothraigh bhréige thar a bheith faiseanta mar ghnéithe in 1760, nuair a tógadh an 'balla' atá anois ina sheasamh go mórthaibhseach i measc na gcrann. Tá trí phríomhlimistéar sa ghairdín: an chrannlann a shíneann le fána i dtreo an locha, gairdín iata a bhfuil toir agus crainn ann, agus an garraí daingean ina mbíodh bailiúchán cáiliúil plandaí a chuir col ceathrar Marley, Charles Howard-Bury, le chéile. Lean a chara Rex Beaumont, ag ar fhág sé an áit, ag cur leis an mbailiúchán. Thaistil an Leifteanantchoirnéal Howard-Bury go forleathan agus é ag bailiú plandaí agus síolta ó áiteanna chomh fad i gcéin le lár na hÁise. Chomh maith leis sin, ba é a bhí i gceannas ar an gcéad iarracht a rinneadh Sliabh Everest a dhreapadh in 1921.

Tá an gairdín iata leagtha amach ar bhealach neamhghnách: tá radharc ón ngeata láir ar an ngairdín taobh istigh, a ceapadh mar ghairdín pléisiúir agus ina bhfuil plásóga, rósarnaigh agus ciumhsóga bláthanna a d'áirítí uair amháin ar na cinn ba bhreátha in Éirinn. Tá cuid díobh ann fós ón am a raibh na gairdíní i mbarr a réime: seanrósanna, hiodrainsia, bláthanna bána dosacha Fothergilla agus bláthanna Echinops atá cosúil le feochadáin. Tá roinnt gnéithe gleoite ann: tobar inar féidir leat do mhian a iarraidh agus lochán póicíní locha. Tá siúlbhealach taitneamhach ag síneadh tríd an ngairdín fiáin go dtí bruach an locha. Tá flúirse de bhláthanna fiáine ag fás faoi scáth na gcrann breá agus tá seanteach oighir agus áirse ghotach ann chun breis spéise a chothú.

Is le Comhairle Chontae na hIarmhí na gairdíní anois agus tá siad athchóirithe go stuama. Bheadh an teach, atá maisithe le pláistéireacht fhíneálta, ina shuíomh iontach do scannán, do thaispeántas de throscán Éireannach nó de dhéantáin eile. Is iontach an t-athrú é go bhfuil an pobal iomlán ag baint tairbhe anois as na Gairdíní agus an Pháirc Belvedere seo a ceapadh mar ionad pléisiúir do líon beag teoranta daoine. Úsáidtear anois é mar ionad do thrí-atlain, rásaí trastíre, ceolchoirmeacha, taispeántais gharraíodóireachta, aontaí ceardaíochta agus raon leathan de ghníomhaíochtaí teaghlaigh.

Athchóirithe ó *The Hidden Gardens of Ireland* le Marianne Heron, Gill & Macmillan Ltd, 1996.

**Sliocht B**

Tá an bus a thógaimid chuig an Searmanas Roghnaithe lán le daoine atá gléasta i léinte agus i mbrístí liatha. Tá fáinne geal de sholas na gréine ag dó trí na scamaill faoi mar a bheadh cloigeann toitín agus é lasta. Ní chaithfidh mé féin toitín go deo – tá baint mhór acu leis an mórtas – ach caitheann buíon de lucht Candor iad lasmuigh den fhoirgneamh nuair a thagaimid den bhus.

Tá orm mo chloigeann a chlaonadh siar chun barr an Mhoil a fheiceáil, agus an uair sin féin, téann cuid de as radharc i measc na scamall. Is é an foirgneamh is airde sa chathair é. Is féidir liom na soilse atá ar an dá bheangán ar an díon a fheiceáil ó fhuinneog mo sheomra codlata.

Leanaim mo thuismitheoirí amach den bhus agus suas liom na céimeanna tosaigh. Tá na t-ardaitheoir plódaithe, mar sin tairgeann m'athair ár n-áit do ghrúpa de lucht Amity. Ina ionad sin, téimid suas an

staighre, á leanúint gan cheist. Táimid ag tabhairt dea-shampla dár gcomhbhaill san fhaicsean seo againn féin, agus gan mhoill slogtar an triúr againn isteach sa mheall mór d'éadach liath atá ag dul suas na céimeanna stroighne sa leathsholas.

Ach tá mo chosa tinn agus is ar éigean atá mé in ann m'anáil a tharraingt, agus arís eile lig mé do m'intinn imeacht le sruth. Tá orainn dul suas fiche sraith de staighrí chun dul chomh fada leis an Searmanas Roghnaithe. Coinníonn m'athair an doras oscailte ar an fichiú hurlár agus seasann ansin mar a bheadh fairtheoir ann le linn do gach duine de lucht Abnegation siúl thairis. D'fhanfainn leis, ach brúnn an slua chun tosaigh ó cheann an staighre mé agus isteach sa seomra ina socróidh mé an chuid eile de mo shaol. Tá an seomra leagtha amach i gciorcail chomhlárnacha. Tá siad siúd ó gach faicsean a bhfuil sé bliana déag slánaithe acu ina seasamh ar an imeall. Ní thugtar baill orainn fós: beimid inár dtosaitheoirí tar éis na gcinntí a dhéanaimid inniu, agus beimid inár mbaill má chríochnaímid an tionscnamh. Déanaimid muid féin a shocrú de réir ord aibítre, de réir na sloinnte a bhféadfaimis a bheith á bhfágáil inár ndiaidh inniu. Seasaim idir Caleb agus Danielle Pohler, cailín de chuid Amity a bhfuil pluca dearga uirthi agus gúna buí á chaitheamh aici.

Tá sraitheanna suíochán sa chéad chiorcal eile dár dteaghlaigh. Tá siad socraithe i gcúig roinn, de réir faicsin. Ní thagann gach duine i ngach faicsean chuig an Searmanas Roghnaithe, ach tá dóthain acu i láthair le go samhlófá go bhfuil slua ollmhór ann.

Sa chiorcal deiridh tá cúig cinn de babhlaí miotail, iad chomh mór sin go mbeadh spás do mo chorp iomlán i gceann acu, dá ndéanfainn mé féin a chuachadh. Tá ábhar a sheasann do gach faicsean faoi leith i ngach aon cheann díobh: clocha liatha i gcomhair Abnegation, uisce i gcomhair Erudite, cré i gcomhair Amity, aibhleoga dearga i gcomhair Dauntless agus gloine i gcomhair Candor.

Nuair a ghlaofaidh Marcus amach m'ainm, siúlfaidh mé go dtí lár na trí chiorcal. Ní labhróidh mé. Tabharfaidh sé scian dom. Cuirfidh mé gearradh i mo lámh agus spréifidh mé mo chuid fola isteach i mbabhla an fhaicsin is rogha liom. Mo chuid fola ar na clocha. Mo chuid fola ag giosáil ar na haibhleoga. Sula suíonn mo thuismitheoirí síos, seasann siad os mo chomhair féin agus os comhar Caleb. Pógann m'athair mo cheann agus tugann sé buille boise ar an ngualainn do Caleb. 'Feicfidh mé go gairid sibh,' ar seisean. Gan rian ar bith den amhras le haithint air.

Athchóirithe ó *Divergent* le Veronica Roth, Harper Collins Publishers, 2011.

**Sliocht C**

'Nílim ag iarraidh dul ann,' arsa mise, agus mé ag stánadh amach an fhuinneog, ag fanacht go bhfaighinn radharc ar na ba bréige ar dhíon fhoirgneamh Unigate. Bhíomar ag tiomáint ar ais ón lá oscailte ag Ardscoil Frencham Heights. 'Cén fáth?' 'Fáth ar bith ach nach bhfuilim ag iarraidh dul ann.' 'Caithfidh sé go bhfuil tú as do mheabhair mura bhfuil tú ag iarraidh dul ar an scoil sin,' arsa Mam agus í ag tarraingt amach sa lána tapa agus ag gabháil thar fhear a bhí ag tiomáint Porsche a raibh cláruimhir phearsanta air. 'Tá cailíní áille ar fud na háite, is féidir a n-ainmneacha a ghlaoch ar na múinteoirí agus ní gá éide scoile a chaitheamh. Seachas go mbíonn ort rud éigin a fhoghlaim anois agus arís, bhí mé ag ceapadh go n-oirfeadh sé go hiontach duit.'

Bhí an ceart aici. I gcomparáid leis an leadrán a bhain le déanamh de réir na rialacha sa scoil ina raibh mé, ba chosúil le parthas boihéamach an scoil seo agus ó bhí trí bliana déag slánaithe agam bhí mé ag cur níos mó suime sna cailíní. Ach ní raibh aon aithne agam ar an áit. Dhá uair an chloig roimhe sin thiomáineamar ar bhóthar a chuaigh trí thollán crann áit a raibh comhartha beag seanchaite adhmaid do Frencham Heights ina sheasamh ar chúinne le hais fál ard os comhair páirceanna imeartha a bhí mór agus leathan. Chuaigh buachaill sraoilleach thar bráid, geansaí stríocach agus jíons paisteáilte á gcaitheamh aige agus é thart ar an aois chéanna liom féin. Bhí sé ag marcaíocht go tuisleach ar chlár scátála agus chroch sé lámh orainn agus é ag dul thart. Chuaigh beirt bhan óg tharainn agus iad ag gáire: bhí duine acu ag caitheamh spéaclaí agus mullach mór de ghruaig dhubh uirthi. Bhí gruaig fhionn ar an duine eile, í griandaite agus ag caitheamh jíons spréite, radharc nach bhfeicfeá go minic in 1983.

Bhrúmar isteach an doras mór millteach darach agus isteach linn sa halla galánta a raibh painéil darach ar na ballaí ann. Tháinig cailín sna déaga anall chugainn, í ag tarraingt na gcos. Chuir sí í féin in aithne. Murphy a thug sí uirthi féin. Dúirt sí go mbeadh sise dár dtabhairt timpeall. Bhí buachaill eile ag Murphy ina grúpa a d'fhéadfadh a bheith ag aistriú chun na scoile. Will McCormack a bhí air. Buachaill ard a bhí ann, é níos tanaí ná mise fiú agus cuma cineál cloíte air. Dúirt sé liom go raibh sé ag freastal ar scoil chuimsitheach in Clapham, ach anois go raibh a thuismitheoirí ag ceapadh gurbh fhearr dó dul chuig scoil chónaithe. 'Ní fheicim go bhfuil aon chiall leis,' ar seisean, 'go háirithe nuair nach bhfuil aon ghá dom dul ar scoil. Tá carr á dhearadh agam agus táim ag súil go mbeidh sé á tháirgeadh faoi cheann bliana nó mar sin.'

Ní raibh aon tuismitheoir in éineacht le Will agus é á thabhairt timpeall na scoile. D'fhiafraigh mé de cá raibh siad. 'Tá m'athair thall ansin,' ar seisean, ag síneadh a mhéire i dtreo fear pioctha néata a raibh gruaig liath air. Bhí an fear ina shuí i gcúinne sa halla, a cheann sáite in ualach páipéar. Nuair a thug sé Will faoi deara tháinig sé anall agus ar seisean: 'Críochnaithe? Go maith. Fág seo,' agus d'imigh sé leis. 'Slán, mar sin,' arsa Will, agus é á leanúint. 'B'fhéidir go bhfeicfinn an bhliain seo chugainn thú.'

Ag deireadh théarma an tsamhraidh, socraíodh go rachainn chuig Frencham Heights. D'athraigh mé m'intinn faoin áit nuair a tháinig mé ar ais don scrúdú iontrála, scrúdú a bhí thar a bheith éasca. An bhfuil aon duine nach bhfuil a fhios acu gurbh é Christopher Columbus an chéad uachtarán a bhí ar na Stáit Aontaithe?

Tráthnónta Dé Domhnaigh, théimis síos bóthar a bhí ag dul le fána i dtreo an locháin agus muid ag marcaíocht ar chláir scátála, ag iarraidh fanacht orthu chomh fada agus a d'fhéadfaimis nó go dtosóidís ag éirí corrach agus ag imeacht ó smacht. Tráthnónta Dé hAoine, shuíomar i seomra John A. ag féachaint ar scannáin. Bhrúigh formhór na ndaoine sa bhliain seo againne isteach chun féachaint ar fhíseán lánfhada de *Thriller* le Michael Jackson. Nuair a bhí sé thart phléasc Laura amach ag caoineadh agus d'fhógair go raibh sí chun campáil lasmuigh de theach Michael Jackson in Los Angeles nó go n-iarrfadh sé uirthi é a phósadh. Agus uair sa tseachtain chuir John iallach orainn litreacha a scríobh abhaile. Bhí sé de nós agam mo cheann féin a chur as an mbealach am lóin ar an Domhnach sula dtabharfainn faoi rud éigin ní ba shuimiúla. *A Mham agus a Nev cén chaoi a bhfuil sibh tá mise go breá,* a scríobhainn. *Inné bhí rang dúbailte againn sa mhata bhuel caithfidh mé imeacht Will an féidir liom clár scátála a fháil i gcomhair na Nollag?*

Tharla rud éigin nua gach seachtain. Cosúil leis an am a raibh dioscó againn agus muid gléasta i gcultacha bréige. Fuair mé ceann de sheanchultacha Pete ar iasacht agus chuaigh mé ann mar ghaigín sráide. Chuaigh Eugene and Will Mac ann agus duine amháin acu gléasta mar an duine eile. Chaith Gael and Laura málaí bosca bruscair agus chuaigh siad mar phuncaí. Chaith buachaill darbh ainm Steve Rose clóca dearg a bhí ag dul síos go talamh agus ceannbhanda órga. Ní raibh tuairim dá laghad againn cén duine a bhí in ainm agus a bheith ann, agus dá gcuirfeá ceist, ní dhéanfadh sé ach féachaint ort mar a dhéanfadh feairín cliste. Faoi dheireadh, nuair a bhí sé in am don mholtóireacht ar na feistis shiúil sé suas ar an stáitse, chas sé timpeall go tapa agus bhí sé ag caitheamh buataisí a chuaigh suas go ceathrúna air, brístíní beaga órga agus cóirséad bán agus dearg. Tháinig Steve agus é gléasta mar Wonder Woman. Fuair sé an chéad duais.

Fuair mé amach nach raibh aon tábhacht, san áit seo, ag baint leis na rudaí ar fad a bhíodh ag cur imní orm – bheith go dona ag an bpeil, ag streachailt leis an matamaitic, do mo chur i gcomparáid le mo dheartháir Tom. Fiú amháin buachaill darbh ainm Richard Ball, nach bhfuair cúl ach uair amháin riamh, agus an uair sin féin ba don taobh eile a fuair sé é, bhí ionad chomh tábhachtach céanna aigesean sa chomhluadar agus a bhí ag Eva Yiasumi agus ag a buachaill, a bhí ina sheaimpín peile.

Athchóirithe ó *The House is Full of Yogis* le Will Hodgkinson, Blue Door, 2014.

**Roghnaigh ceann amháin de na roghanna dearaidh atá liostaithe thíos.**

**Ní mór nasc díreach a dhéanamh idir do dhearadh agus an sliocht tuairisciúil atá i gceist, agus a bhrí agus a chiall a léiriú.**

**1. Litreoireacht agus Peannaireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Píosa de pheannaireacht chomhaimseartha/thraidisiúnta agus an cur síos ar na gairdíní i Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Comhartha maisithe don 'Searmanas Roghnaithe' a bhfuil cur síos air i sliocht B.

(c) Póstaer ag fógairt comórtas clárscátála agus Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

B'fhearr litreoireacht phearsantaithe lámhdhéanta, rindreáilte. Tá cead agat oibriú de réir scála. Ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir le do rogha clóghrafaíocht, spásáil agus leagan amach, agus maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Tá cead agat íomhánna, móitífeanna ornáideacha, focail thromchiallacha agus litreoireacht a bheith ann.

**2. Líonóilghearradh agus Priontáil**

Cruthaigh dearadh do phrionta líonóile do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Léaráid do chlúdach leabhair faoi chrainn. Bíodh Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Léaráid bunaithe ar aon íomhánna ó Shliocht B.

(c) Léaráid i gcomhair an chlúdaigh a bheadh ar bhróisiúr fógraíochta do Scoil Frencham. Bíodh na híomhánna i Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Ba chóir go léireodh do dhearadh tuiscint chuimsitheach ar airíonna an líonóilghearrtha agus na priontála, a gcuid féidearthachtaí agus a gcuid srianta. Ba chóir duit dearadh a dhéanamh do phrionta ar aon dath amháin **nó** do phrionta a bhfuil dhá dhath ar a laghad ann. Ba chóir go léireodh do dhearadh críochnaithe eolas cuí faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh, dathdhealuithe (más cuí) san áireamh agus na saghsanna éagsúla gearrthacha atá le húsáid.

**3. Fabraicphriontáil**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Bratach mhaisithe don bhealach isteach chuig an ngairdín a bhfuil cur síos air i Sliocht A.

(b) Taipéis bhalla bunaithe ar an 'Searmanas Roghnaithe' agus Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Athphatrún leath-thite agus aon cheann de na híomhánna a thugtar le tuiscint i Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do bhaitíc, do bhlocphriontáil, do scáthlánphriontáil nó do stionsalphriontáil ar fhabraic nó ar ábhar oiriúnach ar bith eile. Ba chóir duit trí dhath ar a laghad a úsáid agus féidearthachtaí dearaidh na forphriontála a chur san áireamh. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

**4. Bróidnéireacht**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Píosa de dhealbhóireacht bhog thríthoiseach agus aon cheann de na híomhánna i Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Painéal bróidnithe agus Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Painéal bróidnithe do mhála scoile agus Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint, agus eolas cuí a thabhairt maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Bíodh eolas san áireamh agat maidir le do rogha ábhar, greamanna, maisiú coirníneach agus teicníochtaí atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích.

**5. Fíodóireacht**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Teicstíl fhite agus aon cheann de na híomhánna i Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Painéal agus an searmanas a bhfuil cur síos air i Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Taipéis agus Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Ba chóir go gcuirfí san áireamh i do dhearadh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le dathanna agus le huigeacht agus go dtabharfaí eolas faoin bhfí agus faoi na hábhair atá le húsáid. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir go dtaispeánfá toisí agus eolas cuí faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

**6. Criadóireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Trinsiúr chun bia a riar ag cóisir garraí agus Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Cailís/cuach chun comóradh a dhéanamh ar an 'Searmanas Roghnaithe', agus Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Painéal rilífe agus Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir go dtaispeánfá toisí agus go dtabharfá eolas cuí faoi na teicníochtaí atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích. Tabhair sonraí faoi na glónraí agus faoin maisiúchán atá le húsáid.

**7. Puipéadracht**

Bunaithe ar a bhfuil léite agat sna sleachta tuairisciúla, dear puipéad gléasta do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) An bhean chéile 'Mary' atá luaite i Sliocht A.

(b) Fíor a thugtar le tuiscint i Sliocht B.

(c) Údar Shliocht C.

Tá cead agat dearadh a dhéanamh do phuipéad miotógach, do phuipéad slaite nó do phuipéad ar iall. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint. Léirigh an chaoi a gcuirfear an puipéad le chéile agus an chaoi a bhfeidhmeoidh sé. Tabhair sonraí maidir leis na hábhair atá le húsáid agus maidir leis na teicníochtaí maisiúcháin atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích.

**8. Leabharcheardaíocht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Punann/fillteán grianghrafadóra chun grianghraif de chrainn a choinneáil ann, agus Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Comhad infhairsingithe chun íomhánna a choinneáil ann, agus Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Fillteán doiciméad chun cuimhní ar na laethanta scoile a bhfuil cur síos orthu i Sliocht C a choinneáil ann.

Tá cead agat oibriú de réir scála. Ba chóir go dtaispeánfaí toisí ar do dhearadh críochnaithe, agus sonraí maidir leis na hábhair, na ceangail/na snaidhmeanna/an fearas dúnta, na híomhánna/an maisiúchán agus/nó an litreoireacht atá oiriúnach don rogha atá déanta agat.

**9. Dearadh Fógraíochta**

Bunaithe ar a bhfuil léite agat sna sleachta tuairisciúla, cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Póstaer do thrí-atlan ag 'Gairdíní agus Páirc Belvedere' agus Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Lógó i gcomhair aipe don 'Searmanas Roghnaithe' agus Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Grafaic do bhus Scoil Frencham Heights agus Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Ba chóir go dtaispeánfaí toisí ar an dearadh críochnaithe agus go dtabharfaí eolas cuí maidir leis na teicníochtaí a úsáidfear chun do dhearadh a chur i gcrích.

**10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Píosa de dhealbhóireacht saorsheasaimh agus Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Painéal rilífe le cur ag an mbealach isteach chuig an 'Searmanas Roghnaithe' agus Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Píosa dealbhóireachta dar teideal 'Cairde Scoile' bunaithe ar na carachtair i Sliocht C.

Tá cead agat dearadh a dhéanamh don mhúnlóireacht, don tsnoíodóireacht nó do theicníocht tógála chuí ar bith. Ba chóir duit oibriú de réir scála, toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na hábhair agus na teicníochtaí a úsáidfear chun do dhearadh a chur i gcrích.

**11. Seiteanna Stáitse**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Seit scannáin do scannán fantaisíochta bunaithe ar Shliocht A.

(b) Seit stáitse do radharc i ndráma atá suite ag an 'Searmanas Roghnaithe' i Sliocht B.

(c) Taispeántas tríthoiseach chun fógraíocht a dhéanamh faoin scoil ag an lá oscailte a bhfuil cur síos air i Sliocht C.

Ba chóir duit oibriú de réir scála, toisí a thaispeáint, agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na hábhair agus na teicníochtaí a úsáidfear chun do dhearadh a chur i gcrích.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015**

# EALAÍN

## Ceardaíocht

Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Luain, 27 Aibreán – Dé hAoine, 8 Bealtaine**

**Maidin, 9:30 – 12:00 Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Luain, 13 Aibreán**

### Treoracha

Tá cead agat do bhileog A2 d'obair ullmhúcháin (**bileog amháin**) a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú, á dheimhniú gurb í do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

**Níl cead agat** aon **áiseanna amhairc** eile, e.g. grianghraif, íomhánna rianaithe ná obair ealaíne réamhullmhaithe, a thabhairt isteach sa scrúdú lena gcóipeáil.

Ceadaítear úsáid a bhaint as aon ábhar ceardaíochta agus as aon uirlis atá oiriúnach chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh.

Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.

Scríobh do **scrúduimhir agus an leibhéal** ar gach bileog, agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

Scríobh **uimhir na ceiste** a roghnaigh tú, agus **an teideal**, ar gach bileog agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

## Céim 1: Bileog d'Obair Ullmhúcháin (TAIGHDE)

Ní mór an Bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin a dhéanamh roimh an scrúdú agus ba chóir do chuid **taighde** a bheith ann. Is é is cóir a bheith ar an mbileog ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Is féidir nótaí a chur leis an obair. Bíodh do chuid oibre ar thaobh amháin den bhileog A2. Má roghnaíonn tú úsáid a bhaint as grianghraif nó as íomhánna a bhí i gcló, chomh maith le líníocht le peann luaidhe, le peann, le péint nó le hobair chólláise, etc., ní mór gach íomhá dá leithéid **a ghreamú go cothrom** ar do bhileog ullmhúcháin A2.

## Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT) **(10 marc)**

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích ar dtús le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir na smaointe atá ar do bhileog d'obair ullmhúcháin a fhorbairt. Ba chóir go mbreithneofá gnéithe den dearadh 2T nó 3T mar a oireann don cheist a roghnaigh tú agus fianaise a bheith ann ar **fhorbairt shuntasach bhreise** ar na smaointe seo. **Níor chóir an obair a chuirtear i láthair ar do bhileog réamhsceitsí a chóipeáil díreach ón mbileog d'obair ullmhúcháin**. Is ceadmhach sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt na smaointe a léiriú agus tagairt ar leith a dhéanamh do na dálaí amhairc, feidhmiúla agus ábhartha a bhaineann leis an gceist atá roghnaithe agat. Chomh maith leis na sceitsí d'fhorbairt na smaointe, ba chóir duit an dearadh deiridh atá molta agat a thaispeáint agus a dhéanamh ansin. **Ní mór duit oibriú go díreach ar do bhileog A2 agus gan ach sceitsí a úsáid, agus iad daite más mian leat**. Bíodh do chuid oibre ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2.

## Céim 3: An Cheardaíocht Chríochnaithe **(90 marc)**

Déantar do phíosa ceardaíochta le linn an scrúdaithe. Ba chóir tagairt don chiorclán **S11/15** mar a bhfuil na treoracha ar leith a bhaineann le gach ceist ar leith.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach trédhearcach ceardaíochta duit ina gcaithfidh tú na nithe seo a leanas a chur:***

- do bhileog A2 d'Obair Ullmhúcháin
- do bhileog A2 de Réamhsceitsí
- aon ní nó nithe eile (má shonraítear iad sa cheist atá freagartha agat)
- do cheardaíocht chríochnaithe, más píosa déthoiseach é.

Más ceardaíocht thríthoiseach atá déanta agat, ba chóir í a chur anuas ar do chlúdach ceardaíochta séalaithe agus an lipéad cuí greamaithe di.

## Freagair ceann amháin díobh seo a leanas:

## 1. Leabharcheardaíochtaí

Dear agus déan comhad bosca **nó** vallait doiciméad **nó** fillteán a bheadh oiriúnach chun gearrthóga ar cheann **amháin** díobh seo a leanas a choinneáil:

(a) mo chúrsaí airgeadais phearsanta

(b) nótaí le haghaidh mo dhírbheathaisnéise

(c) seandálaíocht ársa na hÉireann.

**Ba chóir go bhfeidhmeodh do phíosa críochnaithe ceardaíochta agus ba chóir go mbeadh meicníocht dúnta air**. Ba chóir go gcuirfeadh a chruth an topaic in iúl.
An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: éagsúlacht páipéar, cárta, ábhair cheangail, naisc, péinteanna, dúigh, ábhair cholláise, greamachán agus uirlisí cuí, etc.

## 2. Peannaireacht

Dear agus déan píosa peannaireachta bunaithe ar **5 líne ar a laghad de Théacs (a) nó 8 líne ar a laghad de Théacs (b)**. Tá cead agat cur chuige traidisiúnta agus/nó cur chuige nua-aimseartha peannaireachta a úsáid i do chuid oibre. Tá cead agat colláis, meáin mheasctha nó teicníocht chuí ar bith eile a úsáid mar chuid den saothar.

| **Téacs (a)** | **Téacs (b)** |
|---|---|
| Nuair a shlíocann an oíche ar nós púma, síos an spéir,<br>Agus nuair a bhíonn macalla an chiúnais sna sráideanna loma gaoithe,<br>Nochtann lampaí sráide, ar sceabha ag coirnéil, in aimhréidh,<br>Agus caitheann scáthanna dubha, fiara, diana;<br>Agus dónn siad leo, go neamhphearsanta, feadh na hoíche,<br>Ag cloisteáil na n-uaireanta ag titim thart go mall<br>Fearacht braonacha fuara ó aolchuisne drithlíneach,<br>Go dtí go scoilteann plánaí liatha an ghruaim sa deireadh;<br>Ansin imíonn siad as.<br><br>Arna chóiriú ó *Street Lamps* le Philip Larkin. | Áit a dtumann ardán carraigeach<br>Choill na Sluaite isteach sa loch,<br>Tá inis dhuilleogach ina luí<br>Mar a músclaíonn flup flap na gcorr<br>Na lucha uisce codlatacha;<br>Is ansin atá ár ndabhcha sí faoi cheilt<br>Iad líonta le caora<br>Agus leis na silíní goidte is deirge.<br>Tar liom, a linbh dhaonna!<br>Go dtí an t-uisce is an fiántas<br>Le síog, lámh ar láimh,<br>Mar is mó an caoineadh atá sa domhan ná mar is féidir leat a thuiscint.<br>Arna chóiriú ó *The Stolen Child* le W.B. Yeats. |

**Ábhair**: dromchla oiriúnach don obair pheannaireachta – **an t-uasmhéid: A2**; éagsúlacht ábhar do cholláis: dúigh, péinteanna, pinn litreoireachta, scuaba, marcóirí peannaireachta, rialóir, crosbhacart, etc. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a thugtar duit, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú, á dheimhniú nach raibh aon rud uirthi**.

## 3. Póstaer

Dear agus déan póstaer **nó** cárta taispeána do cheann **amháin** de na topaicí seo a leanas:

(a) Taispeántas de Bhia na gCeardaithe Bia

(b) Dúshlán Chaithréim na Filíochta

(c) Duaiseanna na Teicneolaíochta Digití.

**Ní mór teideal iomlán** na topaice a roghnaigh tú a bheith ar do shaothar críochnaithe. Is fearr litreoireacht phearsanaithe lámhdhéanta a úsáid agus ba chóir go gcuirfeadh an litreoireacht an topaic in iúl. Tá cead agat stionsal aibítre atá gearrtha agat féin a úsáid ach **ní mór duit an leagan amach agus spásáil na litreoireachta a dhéanamh le linn an scrúdaithe**. **Ní mór** aon stionsal a úsáidtear a chur isteach leis an gcuid eile den obair.

**Ábhair**: rialóir, crosbhacart, páipéir cholláise, cárta, ábhair uigeacha, scuaba, greamachán, dúigh, péinteanna, meán ar bith eile a thriomaíonn go tapa, etc.
Is fút féin atá sé cruth agus cineál an chárta fógraíochta a roghnú, ach níor chóir go mbeadh sé níos mó ná A2 ar an toise is mó. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann atá curtha ar fáil, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú, á dheimhniú nach raibh aon rud uirthi**.

## 4. Fíodóireacht

Dear agus figh taipéis bhalla **nó** taipéis **nó** painéal do chúisín agus tú ag baint úsáide as ceann **amháin** de na téamaí seo a leanas mar fhoinse do dhearaidh:

(a) portráid

(b) an spéir san oíche

(c) an tírdhreach áitiúil.

Úsáid éagsúlacht ábhar agus teicníochtaí san inneach. Úsáid dath, cruth, uigeachtaí agus patrún chun barr feabhais a chur ar do shaothar. Is ceadmhach meáin mheasctha a úsáid.
**Ábhair**: dlúth a ullmhaíodh roimh ré ar sheol nó ar fhráma, éagsúlacht snátha, olla agus ábhar solúbtha atá oiriúnach don fhíodóireacht.

## 5. Blocphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:

(a) tionscal na hiascaireachta

(b) gar-amharc

(c) an radharc ó mo fhuinneog.

Ba chóir toisí 15cm × 20cm ar a laghad a bheith i do phrionta críochnaithe. Tá cead agat dearadh a dhéanamh do phrionta aondathach **nó** do phrionta a mbeidh dhá dhath ar a laghad ann. Ba chóir saghsanna éagsúla gearrthacha a úsáid i do shaothar agus tuiscint chuimsitheach a léiriú ar airíonna na líonóilphriontála/blocphriontála.
**Ábhair**: píosa(í) líonóile nó blo(i)c adhmaid (ag brath ar cé acu modh laghdaitheach nó bloc ar leith do gach dath a bheidh á úsáid agat) nach lú ná 15cm × 20cm; páipéar rianaithe, páipéar priontála, dúigh phriontála intuaslagtha in uisce a thriomaíonn go tapa; uirlisí gearrtha agus priontála, etc.
***N.B***. *Mura mbíonn do phriontaí tirim go hiomlán ag deireadh an scrúdaithe, clúdaigh go cúramach le plaisteach trédhearcach iad sula gcuireann tú isteach i do chlúdach ceardaíochta iad. Ba chóir duit do bhlo(i)c líonóile/adhmaid (agus plaisteach mórthimpeall air/orthu) agus do chuid rianuithe a chur isteach freisin.*

## 6. Puipéadracht

Déan puipéad miotógach **nó** puipéad slaite **nó** puipéad ar iall bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) *bridezilla*

(b) an créatúr  as an duibheagán

(c) teicneoir na Teicneolaíochta Faisnéise.

Ba chóir go mbeadh do phuipéad oiriúnach do léirithe iomadúla.  Níor chóir go mbeadh chabhail do phuipéid chríochnaithe níos mó ná 100cm ar an toise is mó.  **Ní mór na héadaí agus na hoiriúintí a dhéanamh le linn an scrúdaithe**.  **Caithfear na baill choirp uile a chur le chéile, a phéinteáil agus a mhaisiú le linn an scrúdaithe**.
**Ábhair**:  fabraic, snáth, ábhair uigeacha éagsúla, péinteanna, baill choirp déanta as cúr-rubar, *papier maché* nó as ábhair chuí eile.

## 7. Scáthlánphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:

(a) milseogra

(b) an tréad

(c) ar an mbóthar.

Úsáid trí dhath phriontáilte ar a laghad.  Ní mór forphriontáil a bheith san áireamh i do dhearadh. Níor chóir go mbeadh do phrionta críochnaithe níos mó ná 100cm ar an toise is mó.
**Ábhair**:  fabraic, scáthláin, ábhar stionsail, dúigh phriontála, cuimleoirí, téip chumhdaigh, etc.

## 8. Teicstílí Lámhphriontáilte

Dear agus priontáil athphatrún leath-thite ar phíosa d'éadach oiriúnach bunaithe ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:

(a) an stainnín margaidh

(b) uirlisí

(c) coillte.

Úsáid trí dhath phriontáilte ar a laghad.  Ba chóir forphriontáil a bheith san áireamh i do dhearadh. Níor chóir do phrionta críochnaithe a bheith níos mó ná 100cm ar an toise is mó.
**Ábhair**:  fabraic, ábhar stionsail, bloic, ruaimeanna, dúigh, etc.

## 9. Baitíc

Dear agus déan baitíc bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) siúlóid san fhoraois

(b) saol na hoíche

(c) an léiriú.

**Ní mór do bhaitíc a thumadh go hiomlán dhá uair ar a laghad le linn an phróisis**.
Níor chóir lámhphéinteáil a úsáid ach amháin ar réimsí beaga mionsonraí. Níor chóir go mbeadh do phrionta críochnaithe níos mó ná 100cm ar an toise is mó.
**Ábhair**: fabraic oiriúnach do bhaitíc, céir, ruaimeanna, *tjanting*, scuaba, iarann, frámaí, etc.

## 10. Criadóireacht

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) soitheach agus claibín air, agus áiteanna cónaithe mar spreagadh agat

(b) painéal rilífe agus an ailtireacht chomhaimseartha mar spreagadh agat

(c) dealbhóireacht cheirmeach dar teideal "Cuirtear Tús leis na Cluichí".

**Ní mór do shaothar a bhácáil** agus a mhaisiú le hábhair oiriúnacha mar shleamhnáin, glónraí agus ocsaídí. Ceadaítear am chun do shaothar a bhácáil agus a ghlónrú.
An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
**Ábhair**: cré a réamhullmhaíodh go cuí do do rogha teicníocht (roth- nó lámhdhéantús), trealamh cuí criadóireachta agus ábhair chuí.

## 11. Bróidnéireacht

Dear agus bróidnigh dealbhóireacht bhog **nó** taipéis bhalla mhaisiúil **nó** píosa d'ealaín inchaite bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) miotais ársa na hÉireann

(b) oibriú cloig

(c) aghaidheanna agus áiteanna.

Úsáid trí ghreim éagsúla ar a laghad (greim láimhe agus/nó greim meaisín) agus teicníochtaí éagsúla, e.g. feiltiú, stuáil, obair phaistí, *appliqué*, etc. An tUasmhéid: 50cm ar an toise is mó.
**Ábhair**: ábhair éagsúla ar a n-áirítear nithe aimsithe, fabraicí, snáitheanna bróidnéireachta, cnaipí, coirníní, ribíní, seacainí, sreang, *papier maché*, etc.

## 12. Snoíodóireacht Adhmaid/Snoíodóireacht

Dear agus snoigh ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) plaic le laochra spóirt na hÉireann a cheiliúradh

(b) saothar saorsheasaimh dar teideal "Suan"

(c) trinsiúr riartha le haghaidh torthaí feirme.

Tá an litreoireacht roghnach. An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
**Ábhair**: adhmad, plástar nó ábhar oiriúnach ar bith eile, trealamh snoíodóireachta agus bailchríocha cuí.

## 13. Miotalóireacht/Tógáil

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) plaic nó saothar saorsheasaimh dar teideal "Mo Radharc"

(b) píosa de dhealbhóireacht saorsheasaimh mhiotail agus longa agus seoltóireacht mar spreagadh agat

(c) píosa d'ealaín inchaite bunaithe ar fhoirmeacha orgánacha.

An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
**Ábhair**: ábhair chruanta, miotail do theicníochtaí tógála, trealamh chun do dhearadh a chur i gcrích.

## 14. Múnlóireacht

Dear agus múnlaigh píosa dealbhóireachta lánchumtha **nó** i bhfoirm rilífe bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) fíor bunaithe ar lámhscríbhinní Luath-Chríostaí na hÉireann

(b) an dán is ansa leat

(c) "Uaillmhian".

An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
Ba chóir duit na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le solas ag lonradh ar dhromchlaí agus ar phlánaí a chur san áireamh. Is ceadmhach armatúir agus boinn a thabhairt leat isteach sa scrúdú. **Ní mór an píosa múnlóireachta a dhéanamh le linn an scrúdaithe**. **Níor chóir an saothar a bhácáil ná a ghlónrú**.
**Ábhair**: is ceadmhach na múnlaí a dhéanamh as cré, as cré a thriomaíonn go tapa, as marla nó as ábhair ar bith eile atá oiriúnach do theicníochtaí múnlóireachta.

Leathanach Bán

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015

# EALAÍN

## Sceitseáil Bheo-Ábhair

### Ardleibhéal

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% den mharc iomlán ar an Ealaín

**Dé Luain, 27 Aibreán – Dé hAoine, 8 Bealtaine Tráthnóna, 2:00 – 3:00**

Tá an páipéar seo le tabhairt do na hiarrthóirí **Dé Luain, 13 Aibreán**

### Treoracha do na Múinteoirí Ealaíne agus do na Feitheoirí

Dhá sceitse den chuspa atá sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag atá sa chéad sceitse. Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi de staidiúir a mhairfidh timpeall tríocha nóiméad atá sa dara sceitse.

**Níl éadaí speisialta ag teastáil le haghaidh an chuspa.**
**Tá na frapaí seo a leanas ag teastáil:**

- **cathaoir**
- **geansaí/húdaí le haghaidh na chéad staidiúire**
- **oráiste le haghaidh an dara staidiúir**.

Beidh cead ag an gcuspa suas le cúig nóiméad déag a ghlacadh mar thréimhsí sosa de réir mar a theastaíonn le linn an scrúdaithe. Tá na tréimhsí sosa san áireamh san uair an chloig san iomlán atá ceadaithe don scrúdú.

Tá cead ag iarrthóirí leanúint orthu ag obair ar a gcuid líníochtaí le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.

Níl cead níos mó ná deichniúr iarrthóirí a bheith le haon chuspa amháin agus iad i mbun líníochta. Níl cead ag na hiarrthóirí radharc ó chúl an chuspa a tharraingt. Tá cead ag iarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa le linn an dara staidiúir más mian leo.

## Treoracha do na hiarrthóirí

Ní mór duit **dhá** líníocht a dhéanamh den chuspa mar seo a leanas:

(a) Staidiúir 15 nóiméad a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo a bheidh sa chéad cheann, **(a) An Chéad Staidiúir**, agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a tharraingt.

(b) Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi den staidiúir a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo, a bheidh sa dara ceann, **(b) An Dara Staidiúir**. 30 nóiméad a mhairfidh an staidiúir. Tá cead agat an fhíor iomlán **nó** an leathfhíor a roghnú.
N.B. Má roghnaíonn tú an leathfhíor a dhéanamh, ní mór duit an staidiúir a tharraingt mar atá sí socraithe agus an cloigeann, an muineál, na guaillí, uachtar na ngéag agus na huillinneacha a bheith san áireamh.

- Ní mór duit an líníocht a tharraingt ó bheith ag breathnú go díreach ar an gcuspa (radharc ar an aghaidh nó ón taobh).
- Tá cead agat leanúint ort ag obair ar do líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.
- Méid an pháipéir: A2. Ná hathraigh méid na bileoige A2.
- Más mian leat páipéar eile a úsáid seachas an páipéar a sholáthraítear, ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú **sula dtosaíonn** an scrúdú agus dearbhú nach raibh aon rud uirthi.
- Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir.
- Scríobh do scrúduimhir agus leibhéal an scrúdaithe go soiléir ar gach bileog.
- Tá cead agat aon mheán oiriúnach líníochta a úsáid, dath san áireamh. Ní mór don mheán a roghnaíonn tú triomú go tapa, áfach.
- Tá cead agat breacléiriú a thabhairt ar an gcúlra.
- **Ná déan do shaothar críochnaithe a bhearradh ná a fheistiú**.

## (a) An Chéad Staidiúir – Fad 15 nóiméad (20 marc)

**An cuspa ina s(h)easamh agus**

- na cosa scartha ó chéile beagán, an chos chlé chun tosaigh
- geansaí/húdaí ceangailte thart ar an gcoim, snaidhm shingil sna muinchillí chun tosaigh
- an dá mhuinchille ar an ngeansaí/húdaí ag sileadh síos faoin gcoim
- greim ag an lámh dheas ar chufa muinchille amháin an gheansaí/húdaí agus greim ag an lámh chlé ar an gcufa eile
- na lámha druidte thart ar an dá chufa agus cúl an dá lámh le feiceáil
- an cloigeann tiontaithe ar clé agus ag féachaint suas.

## (b) An Dara Staidiúir – Fad 30 nóiméad (30 marc)

**An cuspa ina s(h)uí ceartdíreach ar chathaoir agus**

- na cosa trasna ar a chéile ag na rúitíní
- an dá uillinn lúbtha agus na lámha ar airde an chliabhraigh
- oráiste sa lámh chlé agus an lámh dheas ag scamhadh an oráiste
- cuid den oráiste scafa cheana ach an craiceann ceangailte den oráiste fós
- an cloigeann tiontaithe ar dheis.

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Ardleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Déardaoin, 11 Meitheamh Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

### Treoracha

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1000 AD - An Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear sin in iúl, do na ***léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

# Roinn I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Is sampla é "**Coróin Petrie**" ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*** d'athrú suaithinseach stíle a tharla san Iarannaois.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt d'fheidhm, d'fhoirm, agus do stíl Choróin Petrie, agus do na bunábhair agus teicníochtaí a úsáideadh chun í a tháirgeadh agus a mhaisiú.
**agus**
Ainmnigh sampla **amháin** de shnoíodóireacht mhaisithe chloiche ón ré seo agus déan cur síos air.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Tá oidhreacht de sheoda luachmhara againn de thoradh na scileanna a bhí ag ceardaithe miotail na Luath-Mheánaoise.
Déan an abairt sin a phlé agus tú ag tagairt don déantúsán ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Ainmnigh agus déan cur síos ar déantúsán i do fhreagra agus déan tagairt dá fheidhm agus dá fhoirm, agus do na bunábhair agus na teicníochtaí a úsáideadh chun é a tháirgeadh agus a mhaisiú.
**agus**
Ainmnigh déantúsán **amháin** eile ón Luath-Mheánaois ar baineadh úsáid as teicníochtaí den saghas céanna chun é a dhéanamh.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Rinneadh dearadh simplí na n-eaglaisí cloiche in Éirinn sa ré Luath-Chríostaí a fhorbairt faoin iliomad tionchar eachtrannach go bhfuarthas an stíl Rómhánúil Éireannach a bhí níos casta.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag déanamh comparáide idir struchtúr agus dearadh eaglais ainmnithe Luath-Chríostaí Éireannach **amháin** agus eaglais ainmnithe Rómhánúil Éireannach **amháin**.
**agus**
Ainmnigh láthair mainistreach in Éirinn a rinne tú staidear air agus déan cur síos ar na gnéithe suntasacha di.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** James Gandon (1743-1823) a dhear an foirgneamh ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b), agus (c).

(a) Ainmnigh an foirgneamh. Déan cur síos agus plé ar an dóigh a bhfuil gnéithe an fhoirgnimh seo ina samplaí tipiciúla den ailtireacht Sheoirseach.
(b) Déan cur síos agus plé ar conas a úsáideadh an dealbhóireacht chun an foirgneamh seo a mhaisiú.
(c) Ainmnigh foirgneamh poiblí **amháin** eile a dhear an t-ailtire seo agus déan cur síos air.

*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Cuireadh síos ar Harry Clarke (1889-1931) mar ealaíontóir tábhachtach Siombalach de chuid na hÉireann.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do "**Fuinneog Naomh Úna**" ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl, do na tionchair, do na bunábhair agus do na teicníochtaí.
**agus**
Ainmnigh saothar **amháin** eile leis an ealaíontóir seo agus déan cur síos air.
*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Cruthaíonn Rowan Gillespie (r.1953) dealbha a bhfuil sé mar fheidhm acu freagairt mhothúchánach a spreagadh sa bhreathnóir.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do "**Gorta**" ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt i do fhreagra agat don ábhar, don chomhdhéanamh, don fhoirm, don stíl, do na bunábhair, do na teicníochtaí, agus don suíomh.
**agus**
Ainmnigh dealbh fhíorach **amháin** eile le Gillespie agus déan cur síos uirthi.
*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Roghnaigh duine **amháin** díobh seo a leanas:
- John Hogan (1800-1858)
- William John Leech (1881-1968)
- Mary Swanzy (1882-1978)
- Oisín Kelly (1915-1981)
- Alice Maher (r.1956)
- Michael Quane (r.1962)
- Caroline McCarthy (r.1971).

Déan cur síos agus plé ar shaothar an ealaíontóra atá roghnaithe agat. Déan tagairt mhionsonraithe do **dhá** shaothar ainmnithe leis. Bíodh tagairt i do fhreagra agat don ábhar, don stíl, do na meáin/bunábhair, do na teicníochtaí, agus do na tionchair.
*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn II – Ealaín na hEorpa (1000 AD – An Lá inniu)

**8.** Bhain cruthaitheoirí na n-eaglaisí agus na n-ardeaglaisí Gotacha úsáid as an ailtireacht, an dealbhóireacht agus as gloine dhaite chun smaointe faoi chumhacht na heaglaise a chur in iúl chomh maith le scéal na Críostaíochta.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt d'eaglais nó d'ardeaglais Ghotach ainmnithe.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar láimhseáil na fíorach daonna i ndealbh Ghotach ainmnithe.
*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Léiríonn "**Geataí na bhFlaitheas**" i bhFlórans ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*** ard-scil Lorenzo Ghiberti (c.1378-1455) mar dhealbhóir.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do phainéal ainmnithe **amháin** ar na doirse.
Bíodh tagairt i do fhreagra agat don ábhar, don chomhdhéanamh, don pheirspictíocht, agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar dhealbhóir ainmnithe **amháin** eile ó ré an Renaissance Luath.
*Léirigh do fhreagra.*

**10.** Is de thoradh an staidéir a rinne Leonardo da Vinci (1452-1519) ar an eolaíocht agus ar an dúlra, agus de thoradh an tabhairt faoi deara a bhí ann mar dhuine, a rinne sé cuid de na saothair is mó ó ré an Renaissance a dhéanamh.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt don phictiúr ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt i do fhreagra agat d'ainm an tsaothair, don ábhar, don chomhdhéanamh, don teicníocht, agus don ré inar táirgeadh é.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile leis an ealaíontóir seo.
*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Bhí J. M. W. Turner (1775-1851) an-tógtha le cumhacht an dúlra mar a léirítear sa phictiúr "**Stoirm Sneachta**: **Hannibal agus a Arm ag Trasnú na nAlp**" ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt i do fhreagra agat don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl, don teicníocht, agus don ré inar táirgeadh an saothar seo.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile leis an ealaíontóir seo.
*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Tá an staidéar a rinne Georges Seurat (1859-1891) ar theoiricí eolaíochta faoi dhathanna le haithint ina stíl shuntasach péintéireachta.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do "**Tráthnóna Domhnaigh ar Oileán la Grande Jatte**" ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt i do fhreagra agat don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl, don teicníocht, agus do na tionchair.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile leis an ealaíontóir seo.
*Léirigh do fhreagra.*

**13.** Léiríonn "**Les Demoiselles d'Avignon**" ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*** cuid de na nuálacha a thionscain Pablo Picasso (1881-1973) sa phéintéireacht.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl, do na teicníochtaí, agus don ré inar táirgeadh an saothar.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile leis an ealaíontóir seo.
*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Freagair (a), (b), agus (c).

(a) Roghnaigh agus ainmnigh ceann **amháin** díobh seo a leanas:
- pictiúr le Hans Óg Holbein (c.1497-1543)
- dealbh le Gian Lorenzo Bernini (1598-1680)
- pictiúr le Francisco de Goya (1746-1828)
- dealbh le Auguste Rodin (1840-1917)
- pictiúr le Gustav Klimt (1862-1918).

(b) Déan plé mionsonraithe ar an saothar a roghnaigh tú. Bíodh tagairt i do fhreagra agat don ealaíontóir, don ábhar, don stíl, don chomhdhéanamh, do na bunábhair, don teicníocht, agus don ré inar táirgeadh an saothar.

(c) Ainmnigh saothar **amháin** eile leis an ealaíontóir a roghnaigh tú, agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra.*

**15.** Freagair (a), (b), agus (c).

(a) Déan plé ar fhorbairt ceann **amháin** de na stíleanna ealaíne nó de na gluaiseachtaí ealaíne seo a leanas:
- Rocócó
- Nuachlasaiceachas
- Réalachas
- Fóbhachas.

(b) Déan cur síos ar na príomhthréithe den stíl nó den ghluaiseacht atá roghnaithe agat.

(c) Déan cur síos agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** le healaíontóir ainmnithe a bhfuil a s(h)aothar ina shampla tipiciúil den stíl nó den ghluaiseacht seo.

*Léirigh do fhreagra.*

# Roinn III – Léirthuiscint na hEalaíne

**16.** Ba chóir go mbeadh dearthóir físchluiche in ann coincheap a fhorbairt chomh maith le hábhar físe.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt d'fhíschluiche ainmnithe. Bíodh tagairt agat don choincheap, do ghnéithe físe na gcarachtar, don timpeallacht/dearadh seit, agus don ghníomhaíocht sa chluiche a roghnaigh tú.
**agus**
Tabhair breac-chuntas ar na smaointe atá agat faoi choinne físchluiche bunaithe ar théama Ealaíne. Bíodh tagairt i do fhreagra agat don choincheap agus d'ábhar físe an chluiche.
*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Is deiseanna léirthuisceana, oideachais, agus aoibhnis iad taispeántais ealaíne i ndánlanna áitiúla.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do thaispeántas i ndánlann áitiúil ainmnithe ar thug tú cuairt uirthi. Déan cur síos i do fhreagra ar an dóigh ar chuir an coimeádaí an taispeántas i láthair agus déan tagairt do **dhá** shaothar faoi leith a bhí suimiúil, dar leat.
**agus**
Déan cur síos agus plé ar na buntáistí agus ar na míbhuntáistí a bhaineann le féachaint ar phictiúir agus ar dhealbha iontu féin in ionad féachaint orthu ar líne.
*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Is deis don phobal iad an dealbhóireacht a dhéantar le haghaidh suíomhanna ar leith ar chóras bóithre na hÉireann chun saothair dhea-dhéanta chomhaimseartha a fheiceáil.
Déan an ráiteas seo a phlé agus tú ag tagairt do na híomhánna ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt i do fhreagra agat don scála, do na bunábhair agus don teicníocht, don dath/do na dathanna/don bhailchríoch, don chomhthéacs agus don tionchar ar chuma na timpeallachta.
**agus**
Déan cur síos achomair ar na smaointe atá agat faoi choinne deilbhe a chuirfeadh barr feabhais ar spás lasmuigh de do scoil. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.
*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Is féidir le múrmhaisiú lasmuigh spásanna poiblí a ndearnadh faillí iontu a athbheochan.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt don íomhá ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Cuir in iúl cé acu atá an múrmhaisiú éifeachtach nó nach bhfuil, dar leat, agus déan tagairt i do fhreagra do na híomhánna, don leagan amach, don dath/do na dathanna, agus do thionchar an tsaothair.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar na smaointe atá agat faoi choinne múrmhaisithe do spás poiblí i do cheantar a ndearnadh faillí ann. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.
*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Is cuid riachtanach den mhargaíocht é an pacáistiú. Is féidir leis tomhaltóirí a tharraingt agus a mhealladh chun táirge a cheannach.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt don íomhá ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Déan tagairt i do fhreagra do choincheapa dearaidh agus d'úsáid ghnéithe na healaíne.
**agus**
Tabhair breac-chuntas ar na smaointe atá agat faoi choinne dearadh pacáistithe le haghaidh siopa a dhíolann bia sláinte. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.
*Léirigh do fhreagra.*

Leathanach Bán

Leathanach Bán